**Eipeadúraigh – cad iad na fíricí? (Epidurals – what you need to know)**

Is achoimre é seo. Tá a thuilleadh eolais le fáil san alt ar 'Faoiseamh ó Pian nuair a bhíonn Leanbh á Shaolú'. Bí cinnte ceist a chur ar do dhochtúir ainéistéiseach muna bhfuil sé seo soiléar a dhóthain.

*Ag fáil réidh do d'eipeadúrach (Setting up your epidural)*

- Beidh ort cannula infhéitheach a bheith agat agus sreabhán fiseolaíochta ag rith tríd.
- Nuair atá an t-eipeadúrach á chur in áit, ní féidir leat bogadh timpeall; tá sé rí-thabhachtach go ndéarfaidh tú le do dhochtúir ainéistéasach é má bhraitheann tú crapadh ag teacht.
- Tógann sé 20 nóiméad chun an trealamh a shocrú agus 20 nóiméad eile go dtí go n-oibríonn sé.
- Uaireanta, tarlaíonn sé nach n-oibríonn an t-eipeadúrach i gceart nó in aon chor agus caithfear é a réiteach nó a athrú go hiomlán.

*Buntáistí an eipeadúraigh (Advantages of an epidural)*

- De ghnáth, faigheann an bhean faoiseamh maith ón bpian a thagann le saolú páiste.
- Uaireanta, tugtar ainéistéiseach dhromlaigh duit ar dtúis chun torthadh níos tapúla a fháil.
- Is féidir an dáileog agus an saghas ainéistéiseach logánta a athrú chun gur féidir leat bogadh timpeall na leapan; glaotar eipeadúrach soghluaiste (nó 'dáileog-íseal') ar seo.
- Go ginearálta, ní bhíonn aon tionchar ag an eipeadúrach ar do leanbh.
- Is féidir d'eipeadúrach a úsáid mar ainéistéiseach más gá duit gearradh Caesarach a bheith agat.

© Copyright 2016 - Obstetric Anaesthetists' Association - 21 Portland Place - London - W1B 1PY - UK
Telephone: +44 (0)20 7631 8883 Fax: +44 (0)20 7631 4352 Registered Charity No. 1111382 Registered No. 5540014 (England)

*Fadhbanna féideartha a bhaineann le eipeadúrach (Possible problems with your epidural)*

- Más gá duit dáileog bhreise i d'eipeadúrach a bheith agat le ainéistéiseach logánta níos láidre, d'fhéadfadh laige cosa a bheith ort uaireanta leis sin agus tá baol ann go mbeidh breith le Ventouse nó teanchair bhreithe agat.
- Tá seans ann go moillóidh d'eipeadúrach síos an dara chuid den luí seoil.
- Taréis an t-eipeadúrach a chur in áit, tá baol ann go dtitfidh do bhrú fola; chomh maith le sin, is féidir tochas nó fiabhras a bheith ort taréis é a chur in áit.
- Is féidir leat pian a bheith agat san áit ina cuireadh an t-eipeadúrach ar feadh cúpla lá ina dhiaidh duit é a fháil. Ní fhaightear tinneas droma ó eipeadúrach a chur in áit; tarlaíonn sé sin go minic i ndiaidh bheith ag iompar linbh.

© Copyright 2016 - Obstetric Anaesthetists' Association - 21 Portland Place - London - W1B 1PY - UK
Telephone: +44 (0)20 7631 8883 Fax: +44 (0)20 7631 4352 Registered Charity No. 1111382 Registered No. 5540014 (England)

**Priocail a bhaineann le eipeadúrach nó ainéistéiseach dhromlaigh chun pian a laghdú (Risks of having an epidural or spinal to reduce labour pain)**

| Saghas priacail | Cé chomh minic is a tharlaíonn sé? | Cé chomh coitianta is atá sé? |
|---|---|---|
| Titim suntasach sa bhrú fola | 1 as gach 50 bean | Anois is arís |
| Níl sé ag obair maith go leor chun an phian a bhaineann leis an luí seoil a laghdú | 1 as gach 8 bean | Coitianta |
| Níl sé ag obair maith go leor chun gearradh Caesarach a bheith agat – caithfidh tú ainéistéiseach ginearálta a bheith agat | 1 as gach 20 bean | Uaireanta |
| Tinneas cinn olc | 1 as gach 100 bean (eipeadúrach)<br>1 as gach 500 bean (ainéistéiseach dhromlaigh) | Neamhchoitianta |
| Damáiste néaróige (spota gan mothú ar do chos nó cos lag) | Sealadach – 1 as gach 1,000 bean | Annamh |
| Éifeachtaí ag leanúint níos mó ná 6 mhí | Buan – 1 as gach 13,000 bean | Annamh |
| Easpa eipeadúraigh (ionfhabhtú) | 1 as gach 50,000 bean | An-annamh |
| Meiningíteas | 1 as gach 100,000 bean | An-annamh |
| Haematóma eipeadúraigh (téachtán fola) | 1 as gach 170,000 bean | An-annamh |
| Neamhaireachtáil timpisteach | 1 as gach 100,000 bean | An-annamh |
| Gortú dian (pairilis ach go háirithe) | 1 as gach 250,000 bean | Fíor-annamh |

Tagann an t-eolas atá le fáil sa bhileog seo ó cháipéisí foilsithe agus ní thugann sé uimhreacha cruinn le h-aghaidh gach riosca thuas luaite. Is meastacháin iad na huimhreacha thuas luaite agus is féidir leo a bheith difriúil in ospidéil difriúla.

© Copyright 2016 - Obstetric Anaesthetists' Association - 21 Portland Place - London - W1B 1PY - UK
Telephone: +44 (0)20 7631 8883 Fax: +44 (0)20 7631 4352 Registered Charity No. 1111382 Registered No. 5540014 (England)